5. Sna himthosca atá i gceist sna himeachtaí seo agus i bhfianaise an ama a bunaíodh (réamhtheachtaí) Airteagal 2(7) BC, an bhfuil coinníollacha na chéad mhíre d'Airteagal 351 CFAE comhlíonta don Bheilg, rud a chiallaíonn go bhfuil an Bheilg saor dá bhrí sin an tástáil cómhalartachta ábhartha dá bhforáiltear in Airteagal 2(7) CB a chur i bhfeidhm, ag cur san áireamh gur aontaigh an tír thionscnaimh sa chás seo le Coinbhinsiún Bheirn an 1 Bealtaine 1989?

(1) Treoir 2001/29/CE ó Pharliamint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise (IO 2001 L 167, lch. 10).

(2) Coinbhinsiún Bheirn chun Saothar Litríochta agus Ealaíne a Chosaint; 'CB'.

## Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Fhrainc) a taisceadh an 12 Aibreán 2023 — Association AFAÏA v Institut national de l'origine et de la qualité (INAO)

**(Cás C-228/23, AFAÏA)**

(2023/C 252/25)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Conseil d'État

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Association AFAÏA

*Cosantóir:* Institut national de l'origine et de la qualité (INAO)

*Páirtí eile*: Ministre de l'Agriculture et de l'Alimentation

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1) Maidir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1165 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2021 (1), lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 (2), an bhfuil léiriú le déanamh amhail go bhfuil an coincheap de fheirm mhonarchan, a áirítear ann, comhionann leis an gcoincheap de fheirm gan talamh?

2) Má tá an coincheap de fheirm mhonarchan éagsúil ón gcoincheap de fheirm gan talamh, cad iad na critéir atá le cur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfar feirm a aicmiú mar fheirm mhonarchan de réir bhrí Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1165?

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1165 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2021 lena n-údaraítear táirgí agus substaintí áirithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus lena mbunaítear a liostaí (IO 2021 L 235, lch. 13).

(2) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO 2018 L 150, lch. 1).

## Iarraidh ar réamhrialú ó Ondernemingsrechtbank Gent, afdeling Gent (an Bheilg) a taisceadh an 13 Aibreán 2023 – Reproble SCRL v Copaco Belgium NV

**(Cás C-230/23, Reprobel)**

(2023/C 252/26)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Ondernemingsrechtbank Gent, afdeling Gent

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Reprobel SCRL

*Cosantóir:* Copaco Belgium NV